Baile Átha Cliath
ar Do Thoil

Taighde agus Scríofa ag

Anne Gannon le tacaíocht ó Avril Kiernan

Curtha in eagar ag

Deirdre Ellis-King agus Bernadette Cogan

©

Leabharlanna Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath

2011

Dublin City
Baile Átha Cliath



Céad Chló 2008
Le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Leabharlann & Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath
138–144 Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath 2

4ú eagrán 2011

ISBN: 978–1–907002–01

© Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath

Brollach an Ardmhéara

Dublin City
Baile Átha Cliath

Fáilte go 'Baile Átha Cliath Ar Do Thoil', do threoir maidir le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, an eagraíocht a toghadh go daonlathach chun cathair Bhaile Átha Cliath a rialú. Má ta cónaí ort, má tá tú ag staidéar nó má tá tú ag obair i gcathair Bhaile Átha Cliath, bíonn tionchar ag a ndéanann an Chomhairle Cathrach ar do shaol. Foghlaimeoidh tú san eolaí seo conas mar a oibríonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, conas a chuireann sí a haidhmeanna i gcrích agus conas teacht ar bhreis eolais ar na ceisteanna a bhfuil tionchar acu ar shaoránaigh na cathrach.

I dteannta a chéile is féidir le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus muintir na cathrach áit iontach chun cónaí, obair agus spraoi a dhéanamh as Baile Átha Cliath!

Nuair a bhíonn daoine, a chónaíonn, a oibríonn agus a dhéanann staidéar i mBaile Átha Cliath, páirteach go gníomhach sa phobal áitiúil, is mór agus is maith an t-athrú a chuireann sé sin ar shaol na cathrach. Do mhórán daoine, is é a chiallaíonn sé seo ná bheith ag cabhrú sa chlub spóirt áitiúil, feidhmiú ar chumann áitritheoirí nó ar chumann tionóntaí nó cabhrú go deonach le carthanas áitiúil. Tá sé chomh tábhachtach céanna do dhaoine bheith gníomhach mar shaoránaigh trí bheith gníomhach le agus trí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, eagraíocht atá tofa go daonlathach.

Neartaítear an daonlathas áitiúil le rannpháirtíocht an tsaoránaigh a oibríonn i dtreo na todhchaí comhroinnte céanna. Toradh is féidir teacht as rannpháirtíocht saoránach ná an feabhas ar chaighdeán seirbhíse agus cáilíocht na díospóireachta daonlathaí agus cáilíocht an chaidrimh bainteach le cinntí a bhaineann le todhcaí na cathrach.

Ba mhaith liom moladh ard a thabhairt don fhoireann ar fad i Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath as a dtionscnaíocht an t-eolaí seo a fhoilsiú, rud a thacaíonn leis an bpróiseas chun saoránacht ghníomhach a chothú sa phobal.

An Comhairleoir Andrew Montague
Ardmhéara Bhaile Átha Cliath

Clár

Réamhrá 5
Maidir le Saoránacht 6
Dhá théarma dhéag úsáideacha 6
Daonlathas agus ionadaíocht 7
Conas a dhéanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ionadaíocht ar mhuintir Baile Átha Cliath? 7
Conas a chuireann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a haidhmeanna agus a dualgais i gcrích? 10
Conas a théann comhairleoirí cathrach i mbun a gcuid dualgas? 10
Cruinnithe Comhairle 11
Conas is féidir liom fáil amach faoin méid a tharlaíonn ag cruinnithe comhairle? 13
Ardmhéara Bhaile Átha Cliath 15
Cé hiad mo chomhairleoirí cathrach tofa agus conas is féidir liom teagmháil a dhéanamh leo? 16
Comhairleoirí Cathrach Bhaile Átha Cliath (de réir Ceantair) 16
Cén fáth gur fiú dom vótáil? 19
An bhfuilim i dteideal vótáil? 20
Conas is féidir liom fáil amach má táim ar Chlár na dToghthóirí? 21
Conas a chláróidh mé chun vótáil? 22
Conas vótáil: An méid atá le déanamh ar lá na vótála 23
Bainisteoir Cathrach Bhaile Átha Cliath 25
… agus a fhoireann 26
Cad iad na príomhsheirbhísí agus freagrachtaí ata ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath? 27
Cá bhfaigheann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an t-airgead chun seirbhísí a rith? 28
Cá bhfuil Oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath? 29
Conas is féidir liom teagmháil a dhéanamh le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i dtaobh a seirbhísí? 30
Sonraí Teagmhála na nOifigí Áitiúla Ceantair 30
Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath ag tacú leis an daonlathas 31
Léitheoireacht inmholta agus taighde breise 32

Réamhrá

Dublin City
Baile Átha Cliath

Ar smaoinigh tú riamh ar cad a tharlódh mura mbaileofaí an bruscar? Cad a tharlódh mura ndéanfaí cothbháil cheart ar an soilsiú ar shráideanna poiblí? Nó mura mbeadh a thuilleadh leabharlanna poiblí nó páirceanna cathrach ann? Samhlaigh cathair gan aon bhainistíocht tráchta ná rialacháin tráchta.

Cuireann na nithe seo uile le cáilíocht beatha fheabhsaithe do dhaoine is cuma cén aois iad. Tá tábhacht leo le cathair shábháilte, bhríomhar agus shócmhainneach a chothú ar féidir le daoine cónaí agus obair inti. I gCathair Bhaile Átha Cliath ta eagraíocht amháin atá freagrach astu seo agus mórán seirbhísí eile a sholáthar, atá freagrach as cúram a dheanamh do mhuintir na cathrach agus do thimpeallacht na cathrach agus pleanáil do riachtanais na cathrach amach anseo. Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath atá mar ainm ar an eagraíocht sin. Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath is ea an t-údarás áitiúil atá tofa go daonlathach agus a rialaíonn Cathair Bhaile Átha Cliath. Is é an t-údarás áitiúil is mó in Éirinn é. Sainmhíníonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a haidhmeanna mar seo a leanas:

Príomhchathair inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta, shábháilte, tharraingteach, bheo agus fhuinniúil a chothú le béim láidir ar an taobh daonna

Timpeallacht fhisiciúil, shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíochta na cathrach a chur ar aghaidh agus a chothú, trí cheannasaíocht chathartha a thaispeáint atá éifeachtach agus trí rannpháirtíocht ghníomhach dhaonlathach ár saoránach ar fad.

(Ráiteas Misin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath)

Maidir le Saoránacht

Is é an chiall atá le "SAORÁNACHT" san eolaí seo ná an chiall is leithne den fhreagracht phobail mar a bhaineann le pobal bunaithe ar chothromaíocht, dlúthpháirtíocht agus saoirse. Saoránach de chathair Bhaile Átha Cliath is ea aon duine a chónaíonn nó a oibríonn i gCathair Bhaile Átha Cliath. Ná déantar é seo a mheascadh suas leis an sainmhíniú teoranta dlíthiúil atá ar shaoránacht a thagraíonn dóibh siúd amháin a bhfuil saoránacht Éireannach acu ó bhreith, le sliocht nó le headóirseacht. Chun gach eolas a hái ar shaoránacht Éireannach téigh ar an suíomh Gréasáin atá ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha ag www.dfa.ie

Téarmaí úsaideachta

Daonlathas: an córas rialtais ina dtoghann saoránaigh dá ndeoin féin na daoine a bheidh á rialú.

Údarás Áitiúil: an t-aonad de rialtas áitiúil in Éirinn arb é atá ann Comhairle Cathrach nó Comhairle Contae.

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: an t-údarás áitiúil a toghadh go daonlathach agus a mbíonn Cathair Bhaile Átha Cliath faoina riail.

Ardmhéara: chéad saoránach Chathair Bhaile Átha Cliath, cathaoirleach na Comhairle tofa agus ambasadóir thar ceann na cathrach.

Comhairleoirí: is ionadaithe ón bpobal iad a toghadh go daonlathach, is baill de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath iad agus is iad an rialtas áitiúil iad.

An Bainisteoir Cathrach: is é Príomhfheidhmeannach na Comhairle Cathrach é; agus é freagrach as oibríochtaí na heagraíochta ó lá go lá agus as feidhmiú chinntí na Comhairle.

Ceart Vótála: i gcomhthéacs an daonlathais an ceart vótáil i dtoghchán.

An Clár Toghthóirí: liosta na ndaoine atá i dteideal vótáil i dtoghcháin.

Buiséad: an t-airgead a úsáideann an Chomhairle Cathrach chun seirbhísí a sholáthar don chathair.

Ráta: an méid airgid a íocann gnóthaí i gCathair Bhaile Átha Cliath le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i ndíol ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil.

Fodhlíthe: dlíthe a dhéanann an t-údarás áitiúil agus nach mbaineann ach leis an gceantar atá faoina riail.

Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath: is é an doiciméad é a úsáidtear mar ghormchló le haghaidh pleanála agus forbartha i mBaile Átha Cliath. Úsáidtear mar threoir é nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh i dtaobh ceadanna pleanála.

Gradam Shaoirse na Cathrach: is teideal onórach é a bhronnann an Chomhairle Cathrach ar na daoine sin a bhfuil cuid mhór déanta acu ar son na cathrach.

Daonlathas agus ionadaíocht

Dublin City
Baile Átha Cliath

Feidhmíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath laistigh de chóras polaitiúil an daonlathais ionadaíoch. I ndaonlathas ionadaíoch, ní chleachtaíonn saoránaigh a gcumhacht go díreach ach toghann siad ionadaithe a dhéanann cinntí. Ta trí shaghas ionadaí tofa in Éirinn.

1 Baill de Phairlimint na hEorpa a rialaíonn ag leibhéal Eorpach agus a dhéanann dlíthe, a thagann i bhfeidhm ar fud an Aontais Eorpaigh.
2. Baill de Dháil Éireann agus Seanad Éireann, dhá theach an Oireachtais, eatarthu, a rialaíonn ag an leibhéal náisiúnta agus a dhéanann dlíthe a thagann i bhfeidhm ar fud na hÉireann ar fad.
3. Baill de Chomhairlí Cathrach agus Contae a rialaíonn ag an léibhéal áitiúil agus atá cumhachtaithe ag an Oireachtas chun dlíthe a dhéanamh a bhfuil feidhm leo sa chathair nó sa chontae amháin a thoghann iad.

Is cuid de struchtúr an rialtais áitiúil í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, a sholáthraíonn ionadaíocht dhaonlathach do phobail áitiúla. Bunaíodh Bardas Bhaile Átha Cliath (athraíodh an t-ainm faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001) faoi chairt eisithe ag an rí Éadbhard VI sa bhliain 1548.

Le himeacht na mblianta, bhí roinnt mhaith píosaí reachtaíochta a raibh tionchar acu ar rialtas áitiúil, ach ní go dtí 1999 a cuireadh foráil ar leith don rialtas áitiúil isteach i mBunreacht na hÉireann don chéad uair. Ordaíonn an fhoráil seo (Airteagal 28A) gur chóir d'údaráis áitiúla bheith tofa go díreach agus go mbeadh toghcháin áitiúla ann ar a laghad gach cúig bliana. An píosa reachtaíochta is déanaí a bhaineann le rialtas áitiúil is ea an tAcht Rialtais Áitiúil, 2003. Chuir an tAcht sin deireadh leis an 'dé-shainordú', nuair a bhí sé de cheart

Iadsan ar spéis leo breis léitheoireachta a dhéanamh ar stair Chathair Bhaile Átha Cliath agus an próiseas éabhlóide i dtreo rialtais daonlathaigh ba chóir dóibh cuairt a thabhairt ar "Halla na Cathrach Baile Átha Cliath: Scéal na Príomhchathrach", Halla na Cathrach, Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2. Teil. 2222204

Uaireanta oscailte an taispeántais: Luan–Sath, 10 rn–5.15 in. (Cead isteach deireanach 4.15 in). Domhnach, 2 rn–5 in. (Cead isteach deireanach ag 4 in).

Táillí i bhfeidhm agus lacáistí ar fáil do pháistí, mic léinn, aosaigh agus dí-fhostaithe. Fáilte roimh ghrúpaí.

Chun liosta iomlán d' Achtanna agus Billí Rialtas na hÉireann ar féidir féachaint orthu sa Lárleabharlann a fháil, féach le do thoil ar rannán na leabharlann de shuíomh Gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath www.dublincity.ie nó féach ar an reachtaíocht ar líne ag www.oireachtas.ie

Tá Rochtain Idirlín Phoiblí ar fáil saor in aisce i ngach Leabharlann Phoiblí de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

ag duine aonair bheith in oifig go háitiúil agus go náisiúnta ag an am céanna. Is í an píosa reachtaíochta faoina bhfeidhmíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath don chuid is mó ná an tAcht Rialtais Áitiúil 2001, rud a dhaingnigh an reachtaíocht a bhí ann cheana. Is féidir an tAcht a léamh ag an Ionad Eolais Ghnó sa Lárleabharlann, Sráid Anraí, Baile Átha Cliath 1.

Daltaí i mbun (OSSP) Oideachais Shaoránaigh Shóisialta Pholaitiúil ag freastal ar Cheardlann - Baile Átha Cliath ar Do Thoil

Conas a dhéanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ionadaíocht ar mhuintir Bhaile Átha Cliath?

Dublin City
Baile Átha Cliath

Toghann muintir Bhaile Átha Cliath 52 ionadaí poiblí, a dtugtar comhairleoirí orthu, gach cúig bliana. Tá sé de cheart ag éinne atá ar Chlár na dToghthóirí vótáil sna toghcháin áitiúla seo (Féach an rannán ar Vótáil agus Toghcháin ar leathanach 19). Is é an ról ata ag comhairleoirí cathrach ná an creatlach beartas a leagan síos ina bhfeidhmíonn an chathair laistigh de. Ar na dualgais atá orthu áirítear:

- Fodhlíthe a dhéanamh agus a leasú a fheidhmíonn laistigh de Chathair Bhaile Átha Cliath.
- maoirseoireacht ar bhuiséad airgeadais Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
- Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath a dhéanamh nó a leasú.

Má fhaigheann ball den chomhairle bás nó má fhágann sí/sé a (h)oifig idir dhá thoghchán, comhthoghann an chuid eile de bhaill na comhairle duine eile le teacht ina (h)áit. (Tá na rialacháin agus próisis maidir le comhthoghadh a dhéanamh go foirmeálta le fáil san Acht Rialtais Áitiúil, 2001). Toghann baill na comhairle Ardmhéara agus Leas-Ardmhéara ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil as an méid acu a bhíonn ann.

Conas a chuireann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a haidhmeanna agus a dualgais i gcrích?

Ta roinnt slite éagsúla ina gcuireann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a feidhmeanna i gcrích agus a bhaineann amach a haidhmeanna. Is iad na baill thofa a chinneann beartas foriomlán Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Is é Bainisteoir na Cathrach agus a fhoireann a dhéanann cúram don bhainistíocht laethúil.

Roinnt de na príomhfhreagrachtaí a bhíonn ar chomhairleoirí cathrach (feidhmeanna forchoimeádta a thugtar orthu) ná:

- fodhlíthe a dhéanamh, a chúlghairm agus a leasú;
- glacadh leis na 'Meastacháin Bhliantúla Speansas' ag an gcruinniú buiséid bliantúil;
- Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath a dhéanamh nó a leasú;
- Iasachtaí a cheadú.

Is é an Bainisteoir Cathrach a dhéanann 'feidhmeanna feidhmiúcháin' Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

- maoirsiú, bainistiú agus fostaithe na Comhairle a íoc;
- conarthaí a dhéanamh thar ceann na Comhairle;
- séala oifigiúil na Comhairle a ghreamú le doiciméid.

Conas a théann comhairleoirí cathrach i mbun a gcuid dualgas?

Tarlaíonn formhór na hoibre a dhéanann na 52 comhairleoir cathrach Bhaile Átha Cliath i gcruinnithe agus déantar cinntí a mbeidh tionchar acu ar shaol gach éinne i gCathair Bhaile Átha Cliath.

Cruinnithe Comhairle

Dublin City
Baile Átha Cliath

Reáchtálann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath réimse cruinnithe poiblí ag teacht lena ról mar fhóram d'ionadaithe poiblí. Tá cúig chatagóir nó cineál cruinnithe i gceist:

Cruinnithe Míosúla: tarlaíonn siad seo ag 6.45in ar an gcéad Luan de gach mí i Seomraí Cruinnithe na Comhairle Cathrach i Halla na Cathrach, Cnoc Chorcaí, Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2. Fóram ginearálta a bhíonn ann inar féidir le d'ionadaithe tofa plé agus cinntí a dhéanamh ar cheisteanna atá bainteach le leas na cathrach.

Cruinnithe Bliantúla: Bíonn Cruinniú Ginearálta Bliantúil ar siúl i Halla na Cathrach i ndeireadh an Mheithimh gach bliain agus is ag an gcruinniu seo a thoghann na comhairleoirí Ardmhéara Bhaile Átha Cliath agus an Leas-Ardmhéara.

Cruinnithe Buiséid: agraítear iad seo go déanach i mí na Samhna nó go luath i mí na Nollag gach bliain nuair a dhéanann comhairleoirí cathrach díospóireacht ar bhuiséad bliantúil na cathrach. Aontaíonn na comhairleoirí cathrach an 'ráta', is é sin an méid airgid a bhíonn ar ghnó i gCathair Bhaile Átha Cliath a íoc le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar chúiteamh ar na seirbhísí a fhaigheann siad. Rátaí baile – cuireadh deireadh le táillí údaráis áitiúil ar áitribh phríobháideacha tar éis an olltoghcáin i 1977.

innithe Coiste Ceantair: gaireann baill thofa Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i ngach ceann de na cúig cheantar riaracháin iad seo. Seo a leanas na cúig cheantar riaracháin atá faoi Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: An Lárcheantar, Ceantar an Lárthuaiscirt, Ceantar an Iarthuaiscirt, Ceantar an Lárdheiscirt , Ceantar an Oirdheiscirt. Tionóltar cruinnithe Coiste Ceantair uair

amháin sa mhí agus feidhmíonn siad mar fhóram chun ceisteanna a phlé a bhaineann leis an gceantar sin amháin. Tionóltar na cruinnithe seo go háitiúil, mar shampla, tionóltar an cruinniú ceantair míosúil do Cheantar an Lárthuaiscirt de ghnáth san Ionad Cathartha an Taoibh Thuaidh, An Chulóg.

Cruinnithe an Choiste um Beartais Straitéiseacha (CBS): tarlaíonn siad seo gach dara mí chun beartais mhalartacha a ullmhú agus a phlé do na ceantair oibriúcháin i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Tá cúigear déag ball i ngach CBS, deichniúr comhairleoirí cathrach agus cúigear ionadaí ó earnálacha éagsúla ar nós na gceárdchumann, gnóthaí áitiúla maraon le heagrais ón earnáil dheonach agus pobail. Seo a leanas na Coistí um Beartais Straitéiseacha reatha:

- Gnóthaí Ealaíon,Cultúir, Fóillíochta & Óige;
- Comhshaol & Innealtóireacht;
- Iompar & Trácht;
- Gnóthaí Tithíochta, Pobail & Sóisialta;
- Forbairt Eacnamúil, Pleanáil & Gnóthaí Idirnáisiúnta;
- Airgeadas.

Oibríonn gach duine de Chathaoirligh na CBS leis an Ardmhéara ar an nGrúpa um Beartas Corparáideach. Nascann an grúpa seo an obair a dhéanann gach CBS le chéile agus tugann fóram inar féidir plé a dhéanamh ar cheisteanna beartais a bhaineann leis an gComhairle iomlán agus iad a aontú le seoladh ar aghaidh go dtí an mballríocht iomlán.

Conas is féidir liom fáil amach faoin méid a tharlaíonn ag cruinnithe comhairle?

Dublin City
Baile Átha Cliath

Tá sé de cheart agat bheith i láthair ag aon chruinniú comhairle. Teastóidh 'pas' uait le cead isteach a bheith agat go cruinniú. Tá na pasanna seo saor in aisce. Déan teagmháil le do chomhairleoir áitiúil más mian leat 'Pas' a fháil. Is féidir le duine a bhfuil Cárta Preasa bailí acu teacht isteach gan an pas seo.

Ar shuíomh Gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath www.dublincity.ie bíonn na dátaí agus na hamanna a bhaineann le Cruinnithe Comhairle liostáilte nó is féidir leat ceist a chur ag aon oifig de chuid na Comhairle nó ag leabharlann phoiblí.

De bhreis ar an gcead a bheith agat bheith i láthair ag cruinniú de chuid na comhairle, is féidir leat Cruinniú Míosúil Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a fheiceáil ar chraolachán beo ar an nGréasán. Seolann sé

pictiúirí agus fuaim thar an Idirlíon ar shuíomh Gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Is féidir leat féachaint ar chruinnithe comhairle áirithe i gcartlann an tsuímh Ghréasáin

Logáil isteach ar www.dublincity.ie, roghnaigh an nasc Council Meetings ón liosta atá faoi 'Your Council' ar thaobh chlé an scáileáin. Lean na naisc go dtí go dtagann tú ar rochtain ar chraolacháin Ghréasáin de chruinniú beo nó féach ar chruinnithe iomlána ón gcartlann nó blúirí de chruinnithe. Mura bhfuil ríomhaire agat atá ceangailte leis an Idirlíon, d'fhéadfá féachaint ar chruinnithe trí úsáid ríomhaire a chur in áirithe ag do leabharlann phoiblí áitiúil. Nó mar rogha eile, is féidir leat féachaint ar na miontuairiscí ó chruinnithe comhairle i gcló i Leabharlann & Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath, 138–144 Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath 2.

Bíonn an tArdmhéara i gceannas ar chruinnithe na Comhairle Cathrach agus síníonn taifid na n-imeachtaí.

Ardmhéara Bhaile Átha Cliath

Dublin City
Baile Átha Cliath

Ón am a d'eisigh an Rí Anraí III cairt sa bhliain 1229, tá saoránaigh Bhaile Átha Cliath ag toghadh Méara gach bliain (d'athraigh an teideal go Ardmhéara sa bhliain 1641). I láthair na huaire roghnaíonn na comhairleoirí cathrach reatha an tArdmhéara gach bliain as na baill thofa amháin.

Is é an tArdmhéara an chéad saoránach de Chathair Bhaile Átha Cliath ag géilleadh stádais d'Uachtarán na hÉireann amháin i gCathair Bhaile Átha Cliath. Tá sé/sí mar chathaoirleach ar an gComhairle tofa agus bainistíonn sé/sí gnó na gcruinnithe Comhairle. Soláthraíonn an tArdmhéara ceannasaíocht chathartha agus feidhmíonn mar áisitheoir idir grúpaí éagsúla sa chathair. Mar chéad saoránach Bhaile Átha Cliath, feidhmíonn an tArdmhéara mar ambasadóir don chathair go háitiúil agus go hidirnáisiúnta. Le linn a t(h)réimhse in oifig, bíonn cónaí ar an Ardmhéara san áras cónaithe oifigiúil, Teach an Ardmhéara.

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil ar Mhéaraí Bhaile Átha Cliath ar leith ag dul siar na blianta, is féidir leat féachaint ar na **Comhaid Staire**, a chuir foireann Chartlann & Leabharlann Chathair Bhaile Átha Cliath le chéile.

Cé hiad mo chomhairleoirí cathrach tofa agus conas is féidir liom teagmháil a dhéanamh leo?

Toghadh 52 teachtaí, mar chomhairleoirí, sna toghcháin aitiúla sa Mheitheamh 2009. Bhí an liosta cruinn i Meán Fómhair 2011. Mar sin féin, os rud é gur féidir le hathruithe tarlú, d'fhéadfá liosta a bhíonn á thabhairt cothrom le dáta go minic a sheiceáil ar shuíomh Gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag www.dublincity.ie nó www.dublin.ie.

Comhairleoirí Cathrach Bhaile Átha Cliath (de réir Ceantair)

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis na comhairleoirí ar fad atá liostáilte i Seomra na mBall, Halla na Cathrach, Cnoc Chorcaí, Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2. Teil. 222 2204. Má ta tú ag iarraidh teagmháil scríofa nó teileafóin a dhéanamh le comhairleoir cathrach éigin bain úsáid as an teideal, Comhairleoir, chun a chinntiú go bhfaighidh tú an duine ceart. Nó is féidir leat r-phost a sheoladh chucu ag úsáid seoltaí r-phoist ata ar fáil ar an suíomh Gréasáin www.dublincity.ie

Ard Aidhin/Whitehall

An comhairleoir Paddy Bourke (An Lucht Oibre)
An comhairleoir Julia Carmichael (Fianna Fáil)
An comhairleoir Declan Flanagan (Fine Gael)
Ardmhéara (Meitheamh 2011 – Meitheamh 2012) an comhairleoir Andrew Montague (An Lucht Oibre)
An comhairleoir Larry O'Toole (Sinn Féin)

Baile Formaid/Droimneach

An comhairleoir Sheila Howes (An Lucht Oibre)
An comhairleoir Vincent Jackson (Neamhspleách)
An comhairleoir Louise Minihan (éirigí)
An comhairleoir Bríd Smith (People Before Profit Alliance)

Baile Munna/ Fionnghlas

An comhairleoir Paul McAuliffe (Fianna Fáil)
An comhairleoir John Redmond (An Lucht Oibre)
An comhairleoir Anthony Connaghan (Sinn Féin)
An comhairleoir Steve Wrenn (An Lucht Oibre)
An comhairleoir Dr. Bill Tormey (Fine Gael)

Cabrach/Glas Naíon

An comhairleoir Áine Clancy (An Lucht Oibre)
An comhairleoir Cieran Perry (Neamhspleách)
An comhairleoir Mary Fitzpatrick (Fianna Fáil)
An comhairleoir Séamas McGrattan (Sinn Féin)
An comhairleoir Mary O'Shea (Fine Gael)

Cluain Tarbh

An comhairleoir Damian O'Farrell (Neamhspleách)
An comhairleoir Gerry Breen (Fine Gael)
An comhairleoir Deirdre Heney (Fianna Fáil)
An comhairleoir Jane Horgan-Jones (An Lucht Oibre)
An comhairleoir Naoise O'Muirí (Fine Gael)

Dublin City
Baile Átha Cliath

Ar www.dublincity.ie, faoin ceannteideal ‘Do Chomhairle’ cliceáil ar an nasc ‘Do Chomairleoirí Cathrach’. Ón áit seo is féidir leat nasc a oscailt le liosta na gcomhairleoirí a dhéanann ionadaíocht ar gach ceann den chúig Cheantar atá i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Cliceáil ar an gCeantar ina bhfuil cónaí ort agus ansin cliceáil ar ainm gach comhairleora chun teacht ar shonraí teagmhála. (Féach ar an léiriú ar an chéad leathanach eile.)

Cromghlinn/Camaigh

An comhairleoir Henry Upton
(An Lucht Oibre)
An comhairleoir Michael O’Sullivan
(An Lucht Oibre)
An comhairleoir Pat Dunne
(People Before Profit Alliance)
An comhairleoir Ruairi McGinley
(Fine Gael)

Domhnach Míde

An comhairleoir Tom Brabazon
(Fianna Fáil)
An comhairleoir Pat Crimmins
(Fine Gael)
An comhairleoir Mícheál Mac Donncha
(Sinn Féin)
An comhairleoir Brian McDowell
(An Lucht Oibre)

Ionchathair Thuaidh

An comhairleoir Ray McAdam
(Fine Gael)
An comhairleoir Claire O’Regan
(An Lucht Oibre)
An comhairleoir Nial Ring
(Neamhspleách)
An comhairleoir Christy Burke
(Neamhspleách)
An comhairleoir Emer Costello
(An Lucht Oibre)
An comhairleoir Marie Metcalfe
(Neamhspleách)

Peambróg /Rath Maonais

An comhairleoir Paddy McCartan
(Fine Gael)
An comhairleoir Jim O’Callaghan
(Fianna Fáil)
An comhairleoir Oisín Quinn
(An Lucht Oibre)
An comhairleoir Mary Freehill
(An Lucht Oibre)
An comhairleoir Dermot Lacey
(An Lucht Oibre)
An comhairleoir Edie Wynne
(Fine Gael)

Deisceart Lár na Cathrach

An comhairleoir Mannix Flynn
(Neamhspleách)
An comhairleoir Kieran Binchy
(Fine Gael)
Leas-Ardmhéara (Meitheamh 2011 – Meitheamh 2012)
an comhairleoir Maria Parodi
(An Lucht Oibre)
An comhairleoir Gerry Ashe
(An Lucht Oibre)

Ionchathair Thiar Theas

An comhairleoir Rebecca Moynihan
(An Lucht Oibre)
An comhairleoir Clare Byrne
(Fine Gael)
An comhairleoir John Gallagher
(An Lucht Oibre)
An comhairleoir Críona Ní Dhálaigh
(Sinn Féin)

Rogha eile: roghnaigh an rannán dar teideal ‘Rialtas’ ar www.dublin.ie ón leathanach baile, agus ansin cliceáil ar ‘Polaitíocht sa Chathair’. Ón áit seo is féidir leat cuardach do d’ionadaí áitiúil de réir ainm, toghcheantair nó páirtí polaitíochta.

Is féidir leat freisean glaoch gutháin a chur ar Sheirbhísí Custaiméirí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar 222 2222 nó buail isteach go dtí d’oifig ceantair áitiúil, leabharlann phoiblí nó stáisiún Gardaí chun teacht ar liosta Comhairleoirí agus a gcuid sonraí teagmhála.

Cén fáth gur fiú dom vótáil?

Dublin City
Baile Átha Cliath

lí thábhachtach is ea vótáil le do ghlór agus do thuairim a chur in iúl ar na ceisteanna a bhaineann leat. Tugann vótail an deis duit bheith páirteach i ndéanamh cinntí a bhfuil tionchar aige ar do shaol. Déantar cinntí ar do shon gach lá i gcúrsaí sláinte, oideachais, tithíochta, ceisteanna domhanda ar nós cosaint agus an ti comhshaol agus ceisteanna áitiúla ar nós boscaí bruscair agus áiseanna fóillíochta. Trí vóta a chaitheamh i dtoghchán áitiúil, náisiúnta nó Eorpach, tá tú ag déanamh cinntí ar cé a dhéanfaidh cinntí ar cheisteanna a bhfuil tionchar acu ar do shaol laethúil. Mura gcaitheann tú vóta déanfaidh daoine eile cinntí ar do shon.

An bhfuilim i dteideal vótáil?

Is féidir le gach cónaitheoir i bPoblacht na hÉireann, is cuma cén náisiúnacht nó saoránacht, atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn (nó iadsan a bheidh 18 faoin 15 Feabhra sa bhliain toghcháin) clárú chun vótáil. Socraíonn an catagóir saoránachta ina bhfuil tú na toghcháin a bhfuil ceart agat vótáil iontu.

- Tá cead ag saoránaigh na hÉireann vóta a chaitheamh ag gach toghchán agus reifreann.
- Tá cead ag saoránaigh na Breataine vótáil ag toghcháin náisiúnta (Dáil), Eorpacha agus áitiúla (ach níl cead acu vótáil ar reifrinn nó toghcháin uachtaránachta).
- Tá cead ag saoránaigh de thíortha eile san Aontas Eorpach vótáil ag toghcháin Eorpacha agus áitiúla.
- Tá cead ag saoránaigh ó thíortha neamh-Aontas Eorpach vótáil ag toghcháin áitiúla amháin.

> ☞ **Ciallaíonn sé seo gur féidr le gach duine a chónaíonn i mBaile Átha Cliath, atá 18 nó os cionn 18 vótáil sna toghcháin áitiúla ina dtoghtar ár gcomhairleoirí cathracha.**

Beidh ort d'ainm a chlárú ar Clár na dToghthóirí má theastaíonn uait vótáil. Is é atá i gClár na dToghthóirí ná liosta ainmneacha agus seoltaí gach éinne atá cláraithe le vóta a chaitheamh. Is é d'údarás áitiúil a chuireann le chéile Clár na dToghthóirí.

Conas is féidir liom fáil amach má táim ar Chlár na dToghthóirí?

Dublin City
Baile Átha Cliath

Is féidir leat deimhniú má tá d'ainm ar Chlár na dToghthóirí nó nach bhfuil , trí fhéachaint ar Chlár na dToghthóirí ag d'Oifigí Comhairle áitiúla, leabharlann áitiúil nó oifig an phoist fiú. Is féidir leat Clár na dToghthóirí a sheiceáil ar líne ag www.checktheregister.ie. Déan cliceáil ar dtús ar do cheantar comhairle (mar shampla Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath) ón liosta atá curtha ar fáil agus ansin déan d'ainm agus do sheoladh a chlóbhualadh isteach sa bhosca cuardaigh.



Muna bhfuil ríomhaire agat atá ceangailte leis an Idirlíon is féidir leat úsáid a bhaint as ríomhaire rochtana poiblí in aon leabharlann phoiblí.

> ☞ **Ní chathfidh tú clárú arís gach bliain, ach tá an fhreagracht ort seiceáil go bhfuil d'ainm agus do sheoladh ceart ar Chlár na dToghthóirí.**

Conas a chláróidh mé chun vótáil?

Níl tú cláraithe go huathoibríoch le vótáil nuair a shroiseann tú 18. Is gá do gach éinne **Foirm Chlárú Toghthóirí** a líonadh amach. Murar chláraigh tú roimhe seo nó má d'aistrigh tú do theach cónaithe nó gur athraigh cúinsí pearsanta, is gá duit clárú le vóta a chaitheamh. **Rannóg Chlárú na dToghthóirí** is ea an rannóg i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a chuireann Clár na dToghthóirí le chéile do cheantar Bhaile Átha Cliath. Is féidir teacht ar Fhoirm Chlárú Toghthóirí **Foirm um Chlár na dToghthóirí a Fhorlíonadh*** nó **Foirm Athrú Seoladh** trí ghlaoch ar 01 222 5010, (Rannóg Chlárú na dToghthóirí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath) chun cóip a ordú, nó is féidir í a íoslódáil ó shuíomh Gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag www.dublincity.ie trí chliceáil ar an nasc 'Register to Vote'.

Seol an fhoirm chomhlánaithe ar ais go dtí:
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Rannóg Chlárú na dToghthóirí
Roinn Bhainisteoir na Cathrach
16/19 Cé Wellington
Baile Átha Cliath 2

*** Ní mór foirmeacha comhlánaite a bheith faighte ag Rannóg Chlárú na dToghthóirí roimh an gceathrú lá (Níl an Domhnach, laethanta saoire poiblí agus Aoine an Chéasta san áireamh) roimh lá na vótála ionas go mbeidh siad ar dheis a mbreithnithe le bheith ar an bhforlíonadh do thoghchán nó reifreann atá le teacht.**

Conas vótáil
An méid atá le déanamh ar lá na vótála

Dublin City
Baile Átha Cliath

Má tá tú cláraithe le vótáil, seolfar cárta chugat roimh an toghchán. Tugtar **cárta vótála** air seo agus deir sé leat an áit agus cathain is féidir dul ag vótáil.

Ar lá an toghcháin, téigh go dtí an **staisiún vótála**. Beidh ainm do stáisiún vótála ar do chárta vótála. De ghnáth is halla nó scoil í atá i ngar don áit a bhfuil cónaí ort. Fanann stáisiúin vótála oscailte ó 07:00r.n. go dtí 10:00 i.n. agus dá bhrí sin tá fuíollach ama agat vóta a chaitheamh, fiú má tá tú ag obair an lá ar fad. Mura bhfuil tú cinnte faoi cad is gá a dhéanamh, beidh foireann ag an stáisiún vótála a chabhróidh leat.

Fiafróidh an fhoireann díot d'ainm agus do sheoladh maraon le cárta vótála. Déanfaidh siad a sheiceáil an bhfuil tú ar chlár na dtoghthóirí. Beidh ort fianaise ar chéannacht a sholáthar chomh maith.* Má dhéanann tú dearmad ar do chárta vótála beidh cead fós agat vótáil, chomh fada agus atá tú ar chlár na dtoghthóirí agus gur féidir leat fianaise ar chéannacht shásúil a chruthú.

Tabharfaidh ball foirne páipéar ballóide duit ar a gcuirfidh tú do vóta. Liostálfaidh do pháipéar ballóide ainm gach iarrthóra maraon le grianghraf agus an páirtí polaitiúil lena mbaineann siad (má bhaineann). Tóg do pháipéar ballóide anonn go dtí both vótála. Léigh na treoracha atá ar an bpáipéar ballóide go cúramach chun deimhniú go líonfaidh tú i gceart é. Má bhíonn cúnamh uait le do vóta a chaitheamh, is féidir leat fiafraí d'fhoireann an toghcháin. Cuir an páipéar ballóide isteach sa bhosca ballóide cuí.

☞ **Tá do vóta caite anois agat!**

*** Fianaise ar chéannacht– Is dócha go n-iarrfar ort ceann amháin de na rudaí seo a leanas a sholáthar:**

- **pas**
- **ceadúnas tiomána**
- **cárta aitheantais mac léinn nó fostaithe a bhfuil grainghraf air.**
- **leabhar bainc nó coigiltis nó leabhar comhair creidmheasa a bhfuil do sheoladh sa toghlach nó toghcheantar air.**

Féadfaidh tú na rudaí seo a leanas a sholáthar chomh maith:

- **Seicleabhar, seic-chárta nó cárta creidmheasa**
- **Teastas breithe nó deimhniú pósta.**

Caithfidh doiciméad foirmiúil gabhaíl leis an dá chatagóir dheireanacha, áfach, a léiríonn go bhfuil seoladh an tsealbhóra sa toghlach nó sa toghcheantar. Éilíonn Rannóg Chlárú na dToghthóirí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath bille fóntais chun na críche sin.

Tar éis a dhúnann na stáisiúin vótála, déantar na vótaí a chomhaireamh agus fógraítear na torthaí. Úsáideann Éire an córas vóta singil inaistrithe* i dtoghcháin áitiúla, náisiúnta agus Eorpacha. De thoradh ar an gcóras seo, rud a chiallaíonn gur féidir le fiú an vóta is lú tosaíochta do gach iomaitheoir caite san ord a roghnófá féin, tionchar bheith aige seo ar an toradh iomlán ag an deireadh, d'fhéadfadh comhaireamh na vótaí roinnt ama a thógáil. D'fhéadfadh cúpla lá imeacht sula dtagann torthaí iomlána an chomhairimh.

Fógrófar na torthaí ar an nuacht, raidió agus teilifís agus déanfar tuairisciú orthu sna nuachtáin áitiúla agus náisiúnta.

Ná dearmad clárú chun vótáil. Mura ndéanann tú amhlaidh, ní bheidh sé de cheart agat vótáil ag an gcéad toghchán eile. Má tá toghchán ag teacht go luath agus nach bhfuil tú ar Chlár na dToghthóirí, is féidir leat tú féin a chur le **Forlíonadh leis an gClár Vótála.**

*** Iarrfar ort na hiarrthóirí a rangú 1, 2, 3 … san ord a roghnófá féin a. Is féidir leat do vóta a thabhairt don mhéid iarrthóirí is mian leat, is é sin le rá, má tá seacht n-iarrthóir ar an bpáipéar ballóide is féidir leat vótáil 1, 2, 3, 4, 5, 6, agus 7 san ord a roghnófá.**

Téigh go dtí suíomh Gréasáin eolais de chuid Faisnéis Do Shaoránaigh (Citizens Information) www.citizensinformation.ie, scríobh "Proportional Representation" sa bhosca cuardaigh agus cliceáil ar an nasc le tuilleadh eolais a háil.

Bainisteoir Cathrach Bhaile Átha Cliath

Dublin City
Baile Átha Cliath

Ceapadh John Tierney mar Bhainisteoir Cathrach Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2006 (trí chomórtas earcaíochta iomaíoch a bhí eagraithe ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí). Mar phríomh-fheidhmeannach ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tá sé freagrach as oibriúcháin laethúla na heagraíochta. Tá Bainisteoir na Cathrach freagrach as feidhmiú na gcinntí a dhéanann an Chomhairle. Oibríonn Bainisteoir na Cathrach le do chuid ionadaithe (comhairleoirí) agus foireann na comhairle chun fís Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath do chathair chruthaitheach agus inbhuanaithe a chur i bhfeidhm.

… agus a fhoireann

Cé go luíonn an fhreagracht i ndeireadh thiar le Bainisteoir na Cathrach a dheimhniú go bhfeidhmíonn an t-údarás áitiúil i gceart maraon le cinntí beartais na comhairle tofa a chur i bhfeidhm agus i gcrích, tarmligtear dáileadh na seirbhísí féin go foireann na comhairle.

Is é Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an fostóir údaráis áitiúil is mó sa tír. Oibríonn foireann na comhairle ar réimse ollmhór agus éagsúil post ag nach mór 500 láthair ar fud chathair Bhaile Átha Cliath. Foireann riaracháin is ea mórán acu a thacaíonn le hobair Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus mórán eile acu is ea foireann le scileanna speisialtóra ar nós gáirdneoirí, leictreoirí, pleanálaithe, ailtirí, leabharlannaithe, cigirí sláinte, innealtóirí, cuntasóirí, agus mórán a oibríonn i réimse na n-ealaíon, spóirt, seirbhísí pobail, agus i seandálaíocht , caomhantas agus oidhreacht. Braitheann feidhmiú ceart Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus na seirbhísí éagsúla a mbíonn á soláthar aici ar iarrachtaí, dúthracht, dílseacht gach ball aonair foirne agus ar an gcuidiú a thugann siad.

Bí cothrom le dáta i gcónaí maidir le heolas ar phoist le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath trí fhéachaint ar an suíomh Gréasáin www.dublincity.ie agus cliceáil ar an nasc ‘careers’ atá ar bharr an leathanaigh bhaile, nó téigh go dtí suíomh Gréasáin na seirbhíse poiblí in Éirinn ag www.publicjobs.ie.

Cad iad na príomhsheirbhísí agus freagrachtaí atá ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath?

Dublin City
Baile Átha Cliath

Soláthraíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath réimse leathan seirbhísí don duine aonair, don phobal agus don earnáil ghnó. San áireamh tá:

- Tithíocht;
- Pleanáil;
- Bóithre agus Trácht;
- Uisce, Dramhaíl agus Comhshaol;
- Fóillíocht agus Cultúr;
- Oideachas, Sláinte agus Leas.

De bhreis ar na feidhmeanna luaite thuas, ta ról bunúsach ag an gcomhairle mar rialtas áitiúil a toghadh go daonlathach chun ionadaíocht a dhéanamh ar phobail áitiúla, guth a thabhairt do cheisteanna áitiúla agus freagairt do riachtanais áitiúla.

Cá bhfaigheann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an t-airgead chun seirbhísí a rith?

Faigheann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath airgead ó na foinsí seo a leanas:

- díol earraí agus seirbhísí, mar shampla cíos, táillí páirceála agus táillí bailiú dramhaíola;
- rátaí réadmhaoine tráchtála agus rátaí uisce;
- deontais rialtais;
- Ciste an rialtais áitiúil.

Cá bhfuil Oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath?

Dublin City
Baile Átha Cliath

Tá ceanncheathrú riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, a dtugtar na hOifigí na Cathrach orthu, le fáil gar do lár na cathrach i bhfoirgneamh so-aitheanta ar phort theas Abhainn na Life. De thoradh ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath bheith gafa le seirbhísí a sholáthar do bhreis agus leathmhilliún duine atá ina gcónaí sa chathair is mó in Éirinn maraon le breis agus aon mhilliún go leith cuairteoir in aghaidh an lae, tá an Chomhairle tar éis an chathair a roinnt suas i gcúig cheantar riaracháin ar leith ar mhaithe le comhordú an tsoláthair seirbhísí go dtí do phobal féin.

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Oifigí na Cathrach
An Ché Adhmaid
Baile Átha Cliath 8

Conas is féidir liom teagmháil a dhéanamh le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i dtaobh a seirbhísí?

Seo a leanas na príomhphointí teagmhála do dhaoine i mBaile Átha Cliath leis na rannóga éagsúla i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a sholáthraíonn seirbhísí:

- An Lárionad Glaonna, teileafón 222 2222;
- Na hOifigí Áitiúla Ceantair;
- Suíomh Gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath www.dublincity.ie.

Sonraí Teagmhála na nOifigí Áitiúla Ceantair

An Lárceantar

(Iena n-áirítear Cabrach, An Chloch Leathan, An Port Thuaidh, Droim Conrach, An Baile Bocht, Baile Phib agus lár na cathrach thuaidh)

Oifig Ceantair Shráid Sheáin Mhic Dhiarmada (Príomh Oifig)
51-53 Sráid Sheáin Mhic Dhiarmada Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.
Teil: 222 2248. Facs: 222 3831.
R-phost: central.area@dublincity.ie

Oifig Cheantair na Cabraí
97 Bóthar na Cabraí Nua, BÁC 7
Tel: (01) 222 7400. Fax: (01) 222 6727
R-phost: cabraoffice@dublincity.ie

Ceantar an Lárthuaiscirt

(Iena n-áirítear Cill Bharróg, Ráth Eanaigh, Domhnach Míde, An Chúlóg, Cluain Tarbh, An Port Thoir, Fionnradharc)

Oifig Ceantair Lárthuaisceart na Cúlóige (Ardoifig)
Ionad Cathartha an Taoibh Thuaidh, Bóthar Bhun Raite, An Chúlóg, BÁC 17.
Teil: 816 6710. Facs: 877 5851.
R-phost: north.central@dublincity.ie

Oifig Cheantair Chill Bharróg
18/19 Ionad Siopadóireachta, Bóthar an Ghleanntáin Ghlais, Cill Bharróg, Baile Átha Cliath 5
Fón: 01 2228540. Facs: 01 839 1715.
R-phost: KilbarrackAreaOffice@dublincity.ie

Oifig Cheantair Darndáil
Áras Chloigín, Croí an Bhaile Darndál/ Belcamp, Darndál, Baile Átha Cliath 17
Fón: 01 2226930 / 01 2226940
Facs: 01 877 1638. R-phost: DarndaleAreaOffice@dublincity.ie

Ceantar an Lárthuaiscirt

(Iena n-áirítear Fionnghlas, Baile Munna, Glas Naíon agus Seantraibh)

Oifig Ceantair Fhionnghlaise
Bóthar Uí Mhaoilíosa, Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11.
Teil: 222 5400. Facs: 834 6431.
R-phost: northwestarea@dublincity.ie

Oifig Ceantair Bhaile Munna
Ionad Cathartha, Príomhshráid, Baile Munna, Baile Átha Cliath 13.
Teil: 222 5610. Facs: 842 4466.
R-phost: northwestarea@dublincity.ie

Ceantar an Oirdheiscirt

(Iena n-áirítear Ráth Maonais, Ráth Garbh, Tír an Iúir, An Rinn, An Baile Gaelach, Sráid an Phiarsaigh agus ionchathair thoir theas)

Oifig Ceantar an Oirdheiscirt
Bloc 2, Urlár 4, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8.
Teil: 222 2243. Facs: 222 2499.
R-phost: southeast@dublincity.ie

Ceantar an Lárdheiscirt

(Iena n-áirítear Baile Formaid, Inse Chór, Cromghlinn, Droimeanach, Balile Bhailcín, Na Saoirsí agus Thiartheas Lár na Cathrach)

Oifig Ceantar an Lárdheiscirt
Aonad 20-21 agus 29 Páirc Gnó an Tí Bhraiche, Lána Mhuire Mhaith, Baile Átha Cliath 8.
Teil: 222 5200. Facs: 453 1088.
R-phost: southcentral@dublincity.ie

Oifig Ceantair Cromghlinne
13 Sráidbhaile Chromghline, Baile Átha Cliath 12.
Teil: 222 5500. Facs: 4087030.
R-phost: crumlinarea@dublincity.ie

Oifig Ceantair Chill Mhaigheann
639 An Cuarbhóthar Theas, Baile Átha Cliath 8.
Teil: 222 5120. Facs: 4735526.
R-phost: kilmainham.regoffice@dublincity.ie

Oifig Ceantair Bhaile Formaid
Ionad Cathartha Phobal Bhaile Formaid, Baile Formaid, Baile Átha Cliath 10.
Fón: 620 7122. Facs: 6215939.
R-phost: ballyfermot.areaoffice@dublincity.ie

Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath ag tacú leis an daonlathas

Dublin City
Baile Átha Cliath

Teastaíonn pobal atá ar an eolas ó dhaonlathas má tá sé le feidhmiú. Feidhmíonn Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath mar an bpríomhsheirbhís eolais de chuid an rialtais áitiúil agus ta sí saor in aisce agus oscailte do chách. Freastalaíonn sí go cothrom ar an úsáideoir saoil leabharlainne agus ar an úsáideoir aon turais gan choinne trí ghréasán craobhacha den leabharlann agus pointí seirbhíse. Freastalaíonn sí ar thart ar leathmhilliún duine atá chun cónaí sa chathair agus cuireann seirbhís tagartha ar fáil do bhreis agus milliún cónaitheoir i réigiún na cathrach, ag áireamh mórán a bhíonn ag staidéar, obair agus ar chuairt ar an gcathair go laethúil. Is é an t-údarás leabharlainne is mó i bPoblacht na hÉireann é.

Má theastaíonn níos mó eolais uait ar cheisteanna a bhaineann le daonlathas, féach ar an liosta léitheoireachta ar an chéad leathanach eile.

Tá príomhoifigí Sheirbhís Leabharlainne Chathair Bhaile Átha Cliath lonnaithe ag:

Leabharlann & Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath,
138–144 Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath 2
Teil: +353 (1) 674 4800. Facs: +353 (1) 674 4879.
R-phost: dublinpubliclibraries@dublincity.ie
www.dublincitypubliclibraries.ie

Léitheoireacht inmholta agus taighde breise

Nóta Taighde

Aithníonn na húdair na suíomhanna Gréasáin seo a leanas agus iad ag cóiriú na míre ar vótáil: www.vote.ie agus www.about-myvote.ie

Taighde breise

Tá rochtain ar na nithe seo a leanas:

- **Database of Dublin City Councillors from 1881 to the present;**
- **Information files on the history of Dublin and Dublin City's Lord Mayors and**
- **Minutes of Dublin City Council meetings;**

sa Seomra Léitheoireachta i Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath ar Shráid an Phiarsaigh.

Tá na miontuairiscí ar fail ar shuíomh Gréasáin Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag www.dublincity.ie Téigh go dtí 'Council Meetings' ar an suíomh Gréasáin agus cliceáil ar an nasc go Minutes of Meetings ón liosta ar thaobh na láimhe clé. Osclóidh doiciméad pdf.

Tá na leabhair seo a leanas ar fáil ó Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath. Seiceáil an bhfuil siad ar fáil ar an gcatalóg ar líne ag: www.dublincitypubliclibraries.ie

- Callanan, Mark & Keogan, Justin F. eds. (2003) *Local Government in Ireland – Inside Out.* Dublin, Institute of Public Administration.
- Callanan, Mark ed. (2007) *Ireland 2022 -Towards One Hundred Years of Self-Government.* Dublin, Institute of Public Administration.
- Clark, Mary (1996) *Serving the City: Dublin City Managers and Town Clerks 1230 – 1996.* Dublin, Dublin City Council.
- Harris, Clodagh ed. (2005) *Engaging Citizens: the Case for Democratic Renewal in Ireland*. *A report of the Democracy Commission.* Tasc at New Island Press.
- Jeffers, Gerry, and O'Connor, Una eds. (2009) *Education for Citizenship and Diversity in Irish Contexts.* Dublin, Institute of Public Administraion.
- Kenny, Liam ed. (2004) *From Ballot Box to Council Chamber: a Guide to Ireland's County and Town Councillors 2004 – 2009.* Dublin, Institute of Public Administration.
- Kissane, Bill (2002) *Explaining Irish Democracy.* Dublin, University College Dublin Press.
- MacCarthaigh, Muiris (2009) *Government in Modern Ireland*. Dublin, Institute of Public Administration.
- Tierney, Myles (2002) *I Am My Rights: a little book of politics.* Dublin, Public Relations Institute of Ireland.

Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil, faoi acmhainní oideachais saoránachta ag www.cspeteachers.ie

Is féidir leat níos mó a fhoghlaim faoi na siollabas CSPE (Oideachas Sibhialta, Sóisialta agus Polaitiúla) ag www.cspe.ie

Is féidir tuairisc an tascfhórsa ar Shaoránacht Ghníomhach a léamh ag www.activecitizenship.ie agus cliceáil ar 'Taskforce Report to Government'.